

## An Chomhairle um Thaighde in Éirinn

### Gairm ar Ainmniúcháin do Scéim Oiliúna na Comhairle um Thaighde in Éirinn-Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa 2018

#### Buneolas

Is é misean na Comhairle é pobal taighde atá beoga, cruthaitheach a chumasú agus a chothú in Éirinn. Is gníomhaireacht ghaolmhar í an Chomhairle de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna agus feidhmíonn sí faoi choimirce an Údaráis um Ard-Oideachas. Tá sé ina phríomhfheidhm ag an gComhairle tacú le taighde agus deiseanna den chéad scoth ar fud gach disciplín agus ar fud chéimeanna go léir na gairme beatha. Leagann sí béim ar thaighdeoirí atá i luathbhlianta a ngairmeacha taighde agus cuireann sí chun cinn deiseanna gairme éagsúla trí dhul i gcomhpháirtíocht le lucht fiontraíochta. Tá ról ag an gComhairle freisin maidir le tacú le taighde atá dírithe ar an tsochaí, agus tá comhpháirtíochtaí curtha ar bun aici ar fud an rialtais agus na sochaí sibhialta.

D'aontaigh Rialtas na hÉireann páirt ghníomhach a ghlacadh i gcláir thaighde idirnáisiúnta de chuid Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa, mar atá leagtha amach in *Nuálaíocht 2020*, Straitéis na hÉireann maidir le taighde agus forbairt, eolaíocht agus teicneolaíocht. Tá an Chomhairle tiomanta do scileanna agus saineolas a chothú i leith na spástaiscéalaíochta agus na teicneolaíochta, chomh maith le hoiliúint céimithe máistreachta a fhorbairt<sup>1</sup> in Éirinn. Chuaigh an Chomhairle um Thaighde in Éirinn i mbun rannpháirtíochta le Fiontraíocht Éireann, an tosaire náisiúnta i leith thionscal spáis na hÉireann, chun riachtanais oiliúna agus tosaíochtaí straitéiseacha a bhunú don tír. Tá na riachtanais sin léirithe sna deiseanna oiliúna a sholáthraíonn Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa.

In 2016, d'aontaigh an Chomhairle go hoifigiúil go maoineodh sí oiliúnaithe in ionaid de chuid Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa ar fud na hEorpa. Tá an Chomhairle ag tabhairt deis do chéimithe máistreachta cúrsa oiliúna a dhéanamh ag an nGníomhaireacht ag tosú i mí Dheireadh Fómhair 2018.

#### An Cúrsa Oiliúna

Soláthraíonn an Cúrsa Oiliúna de chuid na Comhairle um Thaighde in Éirinn-Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa oiliúint phraiticiúil i dtionscadail de chuid na Ghníomhaireachta. Tá cur síos ar na deiseanna aonair sna doiciméid a ghabhann leis seo. Sa chúrsa oiliúna, imeashtar rannpháirtithe le daoine gairmiúla agus leagtar béim ar chur i gcrích tascanna réadúla atá faoi threoir teagascóra agus a bhfuil baint acu leis an gcéim.

---

<sup>1</sup> Céimithe Máistreachta ó Institiúidí Ardoideachais de chuid na hÉireann. Ní mór do chéimithe a bheith ina náisiúnaigh Éireannacha nó ina náisiúnaigh de bhallstát de chuid Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa. Ba chóir go mbeadh céim mháistir nó a coibhéis ag céimí máistreachta mar a shonraítear i gcreat Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann i leith dámhachtain ar Leibhéal 9. Féach ar <http://www.nfq-qqi.com/> le haghaidh tuilleadh eolais.

I gcás na n-iarrthóirí a n-éireoidh leo áit a fháil ar an gcúrsa, caithfidh siad bliain amháin leis an nGníomhaireacht agus d'fhéadfadh sé go gcuirfí síneadh bliana leis an tréimhse sin. Le linn an ama sin, sannfar an t-oiliúnaí do thionscadail shonracha agus cuirfidh sé nó sí le forbairt taighde agus eolais cheannródaíoch i réimsí na n-oibríochtaí eolaíochta, na hanailísíochta sonraí, na hintleachta saorga, na teileachumarsáide, na loingseoireachta, na n-oibríochtaí misin agus na spáseitilte a dhéanann daoine. Tá an cúrsa oiliúna ábhartha go háirithe do chéimithe máistreachta a bhfuil suim acu i ngairm a fhorbairt sa tionscal spáis nó sna teicneolaíochtaí feidhmeacha.

### **Stipinn agus coinníollacha**

Cúrsa oiliúna bliana atá i gceist agus d'fhéadfadh sé go gcuirfí síneadh bliana leis má aontaíonn na páirtithe uile leis sin. Ní mór do na hiarrthóirí a n-éireoidh leo a bheith in ann tosú ar an dáta táscach i nDeireadh Fómhair 2018 a sholáthróidh an Gníomhaireacht. Ní cheadaítear tús an chúrsa oiliúna a chur siar. Ní féidir an tréimhse oiliúna a bhriseadh mura bhfuil imthosca speisialta i gceist, amhail saoire thinnis. I gcásanna speisialta den sórt sin, tabharfar údar cuí leis an mbriseadh agus údaróidh an Chomhairle agus an Gníomhaireacht é.

Beidh na nithe seo a leanas san áireamh sa chúrsa oiliúna de chuid na Comhairle um Thaighde in Éirinn-Gníomhaireacht Spáis na hEorpa:

- i. stipinn mhíosúil €2,160;
- ii. aisíocaíocht athlonnaithe aonuaire €2,160, a bheidh iníoctha tar éis na chéad mhí;
- iii. árachas sláinte, tionóisce, riosca agus taistil bhliantúil; lena gclúdaítear an duine faoi oiliúint ar feadh an chúrsa oiliúna;
- iv. féadfaidh na hoiliúnaithe saoire bhliantúil a ghlacadh suas go dtí 30 lá oibre ar an iomlán, chomh maith le laethanta saoire oifigiúla na tíre óstaí;

### **Critéir cháilitheachta**

Leis an ngairm seo, tugtar cuireadh d'oifigí taighde ó institiúidí ardoideachais ainmniú a dhéanamh ar chéimithe máistreachta cumasacha a mbeadh suim acu i gcúrsa oiliúna a dhéanamh agus a bhainfeadh tairbhe as cúrsa oiliúna a dhéanamh le Gníomhaireacht Spáis na hEorpa. Ní mór ainmniúcháin a bheith ó institiúidí amháin. Tá ollscoileanna agus institiúidí teicneolaíochta san áireamh le hinstiúidí ardoideachais ainmniúcháin.

Gairm iomaíoch atá i gceist agus is ag Gníomhaireacht Spáis na hEorpa atá na cinntí deiridh maidir le háit a dheonú ar an gcúrsa oiliúna. Ní mór go n-éireodh leis na hainmnithe i nós imeachta roghnúcháin ina bhfuil céimeanna éagsúla, atá comhdhéanta de phróiseas náisiúnta agus measúnú de chuid na Gníomhaireachta féin ina dhiaidh sin. Is í an Chomhairle um Thaighde in Éirinn a réachtálann nós imeachta náisiúnta na hÉireann.

Ní mór d'ainmnithe:

- i. a bheith ina náisiúnaigh Éireannacha nó ina náisiúnaigh de bhallstát de chuid Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa<sup>2</sup>;
- ii. a bheith ina gcónaí i bPoblacht na hÉireann ar feadh trí bliana le cúig bliana anuas;
- iii. céim mháistir a bheith déanta acu tráth nach déanaí ná an 30 Meán Fómhair, 2018 in institiúid ardoideachais incháilithe de chuid na hÉireann;
- iv. sonraíochtaí chéim an mháistir sna deiseanna aonair a chomhlíonadh;
- v. céim 2.1 nó níos airde a bheith acu ina gcuid staidéir fochéime.

Roghnúchán iomaíoch atá i gceist agus is ag Gníomhaireacht Spáis na hEorpa atá an cinneadh deiridh maidir le háit a dheonú ar an gcúrsa oiliúna.

### Conas ainmniúcháin a chur isteach

Ní mór d'Oifigí Taighde ar mian leo ainmniú a dhéanamh na doiciméid fhorordaithe sa liosta thíos a chur le chéile agus a sheoladh chuig [esa@research.ie](mailto:esa@research.ie) in aon doiciméad PDF amháin in aghaidh an ainmní. Is féidir le hainmnithe iarratas a chur isteach ar suas le dhá phost agus a rogha a léiriú sa litir chumhdaigh uathu.

Ionas gur féidir ainmniúchán a mheas, ní mór na doiciméid seo a leanas a sheoladh ar an ríomhphost i bhformáid PDF chuig [esa@research.ie](mailto:esa@research.ie):

1. Litir chumhdaigh (leathanach amháin ar a mhéad).
2. CV (dhá leathanach ar a mhéad).
3. Cóip scanta de thuiriscí fochéime agus tuairiscí céime máistreachta an ainmní go dtí seo.
4. Teistiméireacht scríofa amháin ó dhuine a bhfuil dóthain eolais aige nó aici faoi chumas acadúil agus gairmiúil an iarrthóra. Más féidir: ball foirne/múinteoir/acadóir ó institiúid ardoideachais an ainmní (leathanach amháin ar a mhéad ar pháipéar ceannchlóite na hinstitiúide).
5. Litir mholta amháin ón institiúid ardoideachais agus í formhuinthe ar an oifig taighde (scríofa ag comhordaitheoir an chúrsa, ag an gceann scoile nó ag duine de ghrád níos airde).

Is é an dáta deiridh chun ainmniúcháin chomhlánaithe a fháil ná **meán lae (am na hÉireann) an 30 Bealtaine 2018**. Ní mheasfar ainmniúcháin a gheofar tar éis an ama sin.

Ní mór go gcomhlíonfadh na hainmnithe go léir na ceanglais cháilitheachta agus na critéir dhisiplín ábhartha atá leagtha amach sa deis chun cúrsa oiliúna a dhéanamh le Gníomhaireacht Spáis na hEorpa. Ba cheart d'institiúidí a chinntiú nach n-ainmneofar ach na daoine sin a dhearbhaigh go bhfuil siad toilteanach i ndáiríre glacadh le háit ar an gcúrsa oiliúna más rud é go dtabharfadh an Ghníomhaireacht an deis sin dóibh. Tá an ceart ag an gComhairle diúltú d'aon ainmniúchán nach gcomhlíonann na critéir ná na ceanglais cháilitheachta i leith na scéime. Ní mheasfar faisnéis gan iarraidh, faisnéis neamh-incháilithe, faisnéis neamhiomlán, faisnéis mhíthreorach, ná ainmniúcháin atá os cionn na teorann leathanaigh. Tá an ghairm seo teoranta do chéimithe máistreachta ó institiúidí ardoideachais de chuid na hÉireann mar atá leagtha síos sna deiseanna aonair.

---

<sup>2</sup> Is coinníoll é sin atá leagtha síos ag an nGníomhaireacht faoin gcomhaontú comhpháirtíochta.

## **Roghnú ainmnithe**

Ní mór go n-éireodh leis na hainmnithe i nós imeachta roghnúcháin ina bhfuil céimeanna éagsúla. Tar éis ainmniúcháin ó institiúid ardoideachais, déanfaidh painéal neamhspleách gearrliosta daoine le haghaidh agallaimh. Ní mór d'ainmnithe a bheith in ann freastal ar agallamh aghaidh ar aghaidh ar an **26 Meitheamh, 2018**. Ní féidir aisíoc a dhéanamh ar aon chostas taistil maidir leis na hagallaimh. Cuirfidh an Chomhairle na hainmnithe atá ar an ngearrliosta ar aghaidh chuig teagascóirí a ainmneoidh an Ghníomhaireacht ionas gur féidir athbhreithniú a dhéanamh orthu agus an cinneadh deiridh a dhéanamh.

## **Tús an chúrsa oiliúna**

Beidh na tairiscintí ag brath ar gach doiciméad riachtanach a bheith faighte, lena n-áirítear fianaise ar náisiúntacht, céim a bheith curtha i gcrích agus ceart cónaithe. Ina theannta sin, ní mór d'oiliúnaithe an comhaontú de chuid na Gníomhaireachta a sheolfar chucu tráth na tairisceana a chomhlíonadh. Táthar ag súil go mbeidh an Cárta Eorpach um Árachas Sláinte agus clúdach árachais sláinte idirnáisiúnta ag oiliúnaithe, nó go mbeidh iarratas déanta acu orthu sin, sula dtosódh siad ar an gcúrsa oiliúna.

## **Ceisteanna**

Ar mhaithe le cothroime do na hainmnithe go léir, ní mór ceisteanna a chur isteach chuig an oifig taighde ag institiúid ardoideachais an ainmní. Déanfar ceisteanna coitianta a nuashonrú go rialta ar shuíomh gréasáin na Comhairle um Thaighde in Éirinn. Iarrtar ar na hainmnithe gan teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an gComhairle um Thaighde in Éirinn mura bhfuil deacracht theicniúil acu leis an bhfoirm ainmniúcháin.

## **Acrainmneacha na Stáisiún de chuid Gníomhaireacht Spáis na hEorpa**

ESA HQ - Páras, an Fhrainc  
ESTEC - Noordwijk, an Ísiltír  
ESOC - Darmstadt, an Ghearmáin  
ESRIN - Frascati, an Iodáil  
ESAC - Villanueva de la Cañada, an Spáinn  
ECSAT - Harwell, an Ríocht Aontaithe  
EAC - Cologne, an Ghearmáin

## **Ballstáit na Gníomhaireachta**

22 Bhallstát na Gníomhaireachta: An Ostair, an Bheilg, Poblacht na Seice, an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Ungáir, Éire, an Iodáil, Lucsamburg, an Ísiltír, an Iorua, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an Spáinn, an tSualainn, an Eilvéis agus an Ríocht Aontaithe.

## **AGUISÍN I COMHAIRLE MAIDIR LE DOICIMÉID A ULLMHÚ**

### **Litir chumhdaigh**

Ba chóir do na hainmnithe ráiteas faoi spreagadh a sholáthar ina ndéanann siad cur síos ar an gcúis ar mian leo tabhairt faoin deis seo agus ar an gcaoi a n-oireann sí dá gcuid pleananna forbartha. D'fhéadfadh sé go mbeadh siad ag iarraidh cur síos a dhéanamh ar aon éacht ar leith in obair eolaíoch, obair ghairmiúil nó maidir le seirbhís pobail. Sa litir chumhdaigh, cuir san áireamh na nithe seo a leanas le do thoil:

- An chéad agus an dara rogha maidir leis an gcúrsa oiliúna (más ábhartha);
- Tagairt don chéim máistir ábhartha, don toradh foriomlán agus don dáta críochnaithe. Mura bhfuil an toradh ar eolas tráth an ainmniúcháin, cuir isteach an grád iomlán go dtí seo le do thoil, agus ní mór dó sin a bheith ag teacht leis na tuairiscí atá ceangailte.

### **Litreacha ainmniúcháin agus teistiméireachtaí**

Tabhair i gcuimhne le do thoil gur gné thábhachtach í an litir mholta sa phróiseas meastóireachta agus go dtéann sí i bhfeidhm ar na torthaí. Is féidir le comhordaitheoir cúrsa, ceann scoile nó duine de ghrád níos airde litir ainmniúcháin na hinstitiúide ardoideachais a scríobh. Déan cinnte de go bhfuil an litir sin formhuinithe le stampa na hoifige taighde. Ba chóir na litreacha a bheith ar leathanach amháin A4 nó ar bhileog litreach caighdeánaí amháin agus féadfar cur síos a dhéanamh iontu ar an méid seo a leanas:

- aon éachtaí sonracha a rinne an iarrthóir in obair eolaíoch, obair ghairmiúil nó seirbhís pobail;
- tuairimí ar shaintréithe agus éachtaí an ainmní agus trácht ar a n-oiriúnacht le haghaidh cúrsa oiliúna le Gníomhaireacht Spáis na hEorpa.
- b'fhéidir gur mhaith le moltóirí/institiúidí ainmniúcháin oiriúint acadúil, taithí go dtí seo, íogaireacht chultúrtha agus inoiriúnaitheacht do thír nua a mheas.